



School Gardening
Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Uainíocht na mBarr i nGairdín na Scoile





Tráth na Bliana

| Meán Fómhair go Meitheamh

Aidhm

| A léiriú do pháistí an tábhacht a bhaineann le barra a rothlú ionas nach méadóidh na naimhde, agus nach méadóidh galair san ithir chun dochar a dhéanamh do na barra.

Acmhainní de dhíth

| Cairt agus marcóir ar mhéid A2, maidí líreacáin, péint agus/nó marcóirí agus pinn luaidhe.

Ábharthacht Thraschuraclaim

| **OSIE:** Nithe beo, feasacht agus cúram imshaoil, taifeadadh, ag breathnú
Mata: Foghlaim ghníomhach a thomhas, a chomhaireamh, a mheas, a thaifeadadh
Ealaín: Líníocht léarscáil de rothlú, comharthaí a dhéanamh
Curacclam Neamhfhoirmiúil: Bia Sláintiúil, Discover Primary Science



Próiseas

Baineann plandaí le finí éagsúla. Mar sin, is dea-chleachtas é plandaí ó fhine ar leith a chur le chéile mar go dteastaíonn na cothaithigh céanna uathu. Bíonn siad freisin, ar an drochuair, ag fulaingt ó ghalair agus namhaid den chineál céanna. Má cheadaítear do phlandaí i dteaghlach ar leith fás sa spás céanna ar feadh roinnt blianta méadóidh na naimhde agus na galair seo ionas go mbeidh na plandaí i mbaol.



Finí Barraí

Finí Plandaí

Brasacaigh

Oinniún (Ailliach)

Cairéad (Umbelliferae)

Prátaí (Solanum)

Pischineálaigh
(Leguminosae)

Nóinín (Astair)

Mearóg (Cucurbitaceae)

Féar

Biatas (Chenopodiaceae)

Cineálacha

Brocaillí, Tornapa, Svaeid, Raidis, Cabáiste, Bachlóga
Bruiséile, Cóilis, Cál, Sailéid Oirthearacha, ruachán,
Cálráib

Cainneanna, Gairleog, Seallóid, Oinniún, Oinniún
Earraigh, Síobhais

Meacan Bán Cairéad, Peirsil, Soilire

Prátaí, Trátaí, Piobair

Pónairí, Piseanna

Leitís, Siocaire, Searbhán, Blíosán agus Blíosáin
Gréine Blíosáin

Puimcín, Cúirséad, Cúcamar, Mealbhacán, Scuais

Arbhar Milis, Gránaigh

Biatas, Spionáiste, Caird

Cuimhneachán chun Plean Rothlaithe a Chuimhniú

Is breá le daoine fleascanna rósanna.

P = Prátaí
LP = Léagúim
B = Brasaigh
O = Oinniúin
R = Fréamhacha

- ★ Leanann piseanna agus pónairí prátaí; Leanann cabáiste, raidisí, svaideanna agus tornapaí piseanna agus pónairí; Leanann gairleog agus oinniúin brasaigh; Leanann cairéid, meacain bhána, biatas oinniúin agus gairleog; Leanann prátaí fréamhacha agus mar sin de.
- ★ Níl sa rothlú seo ach treoir agus ní gá é a leanúint go docht. Is é an riail órga ná bearna bliain nó dhó a fhágáil roimh an fine céanna a fhás sa leaba arís.
- ★ Tosaíocht a thabhairt do rothlú allium, brasacaigh agus prátaí.
- ★ Roinn an chairt A2 ina cholúin agus ina sraitheanna chun na plandaí a fhástar in áiteanna éagsúla i mbliain ar leith a thaifeadadh.
- ★ Déan agus maisigh lipéid phlandaí do do ghairdín. Cuir dath ar na finí plandaí ionas gur féidir leat gach limistéar a fheiceáil go soiléir.

